

❖ An Lúbín ❖

12 Meán Fómhair 2009

Teastas Eorpach

The Irish government is funding an international qualification in Irish.

Tá tábhacht le Teastas Eorpach na Gaeilge in áit ar bith a bhfuil daoine ar lorg aitheantais tar éis dóibh caighdeán áirithe a bhaint amach sa Ghaeilge. Tá Rialtas na hÉireann ag tacú leis: is gearr ó d'fhógair Éamon Ó Cuív, an síor-Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, go dtabharfaí deontas €169,500 d'Ollscoil na hÉireann Má Nuad le scrúdaithe de chuid an Teastais a dhearadh agus le scrúdaitheoirí a oiliúint.

Tá Ionad na dTeangacha san Ollscoil i mbun siollabas caighdeánach a chruthú d'fhoghlaimeoirí fásta Gaeilge, de réir an Fhráma Chomóna Eorpaigh le haghaidh Measúnú Teanga.

Dúirt an tAire gur thogra an-fhiúntach é. D'fhéadfadh sé a rá freisin gur cruthúnas eile é gur beag fiúntas atá ag baint le gnáthphas sa Ghaeilge i ngnáthscoileanna na hÉireann mar theist ar chumas teanga, go háirithe nuair a chuimhnítear ar na daltaí a fhaigheann onóracha i nGaeilge agus gan cumas comhrá acu. Bíodh súil againn go mbeidh fíorfhómhag ag baint leis an Teastas.



Snip

The Irish government wants to cut expenditure, and Irish will not be exempt. The Gaelic League is digging its heels in.

Tá Éire ar na tíortha Eorpacha is mó a bhí thíos leis an tubaiste airgeadais. Rinne an rialtas an rud is dual do rialtais ina leithéid de chás: d'iarr sé ar bhord fiosrúcháin (an 'Bord Snip Nua') a chuid caiteachais a iniúchadh agus tháinig tuarascáil amach dá bharr, ag moladh go ndéanfaí gearradh i ngach ball. Má rinne, ba bheag an mhoill ar lucht déirce na tíre (gach dream a bhfuil pingíní stáit ag dul dóibh) gearán agus géaragóid a dhéanamh. Orthu sin, ar ndóigh, bhí lucht na Gaeilge, dream ar fada taithí acu ar fhéile agus ar fhlaithiúlacht an Chiste.

Ní dhearna Conradh na Gaeilge faillí ina dhualgas cultúrtha. D'éiligh sé go gcuirfí san áireamh *An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge* a bhí le foilsiú ag deireadh Mhí Mheán Fómhair 2009. (Ní fios cén toradh a thiocfaidh ar an 'straitéis' chéanna, agus ar tháinig de sheargadh ar a leithéidí cheana.) Dúirt Pádraig Mac Fhearghusa, Uachtarán an Chonartha: 'Dá gcuirfí na moltaí atá sa tuairisc ón nGrúpa Speisialta i bhfeidhm, ba ionann é agus díscor ar pholasáí an stáit ó 1922 anall, maidir le cothú agus cur chun cinn na Gaeilge sa Ghaeltacht, agus lasmuigh den Ghaeltacht féin'. Cosantóir dílis diongbháilte é Pádraig (atá ina eagarthóir ar an iris *Feasta* le fada an lá), ach ní mór a rá gur beag biseach a tháinig ar chás na Gaeltachta ón mbliain 1922 i leith – a mhalairt ar fad. Cibé dul chun cinn a rinne an Chúis Naofa níorbh é an stát ba mhó ba chúis leis, cé nár shuarach an chabhair chuige corrdheontas rialtais.

Tharraing Julian de Spáinn, Ard-Rúnaí an Chonartha, scéal eile chuige, ceann a raibh clingeadh na bpingíní ag roinnt leis:

Is ionann Scéim na bhFoghlaimoirí Teanga agus infheistíocht rialtais de €5m sa bhliain i dtionscal a ghineann tuairim is €50m sa bhliain don gheilleagar áitiúil i gceantair Ghaeltachta, agus a chruthaíonn 2,000 post sealadach gach samhradh, chomh maith le fostaíocht lán-aimseartha a chruthú do 60 duine ar a laghad i rith na bliana. Más luach ar airgead atá á lorg againn ón mBord Snip Nua, ní dhéanann sé ciall críoch a chur le Scéim na bhFoghlaimoirí Gaeilge atá ag déanamh an oiread sin leis an eacnamaíocht áitiúil sa Ghaeltacht a chothú le blianta beaga anuas.

Bhí cúpla rud le rá ag Uachtarán an Chonartha faoin moladh go gcuirfí deireadh leis an *gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)*: 'Aithníonn an Conradh go bhfuil obair riachtanach á dhéanamh ag COGG i dtaca le múineadh agus foghlaim na Gaeilge inár scoileanna fud fad na tíre, agus ba thubaist eile don teanga é dá gcuirfí deireadh le sárshaothar COGG'. Is fíor an méid sin i ngeall ar an ngaelscolaíocht, cé gur beag baint atá aige leis an nGaeilge Éigeantach, triail nár éirigh fós léi, fiú tar éis seacht mbliana is ceithre fichid.

An n-éisteanann aon rialtas fós leis an gConradh? B'fhéidir go mbeadh an rialtas atá anois ann sásta é a dhéanamh, agus fonn air úsáid na teanga a threisiú. Ach cibé gearradh a dhéanfar ní thiocfaidh an Ghaeilge slán ar fad uaidh. B'fhéidir nach dona an rud é sin. I ndeireadh na dála, ní hé an stát a choinníonn an dé sa teanga, ach dícheall na ndíograisoirí agus dea-mhéin an phobail.



An Ghàidhlig san AE

Scottish Gaelic is now an official language of the EU.

Anois is féidir le cainteoirí Gàidhlig scríobh chun forais de chuid an AE ina dteanga féin agus freagra a fháil inti. Is féidir le hAirí Albannacha Gàidhlig a labhairt agus iad ag caint i gcruinnithe le hAirí ó thíortha eile agus le hionadaithe réigiúnacha. Rinneadh aontú foirmiúil ar 7/10/09, agus dúirt na polaiteoirí agus na feidhmeannaigh na rudaí cearta. Ach tógfaidh sé tamall ar an teanga teacht suas lena stádas nua, agus a laghad sin cainteoirí in Albain féin.

Anois tá Gàidhlig ar an liosta le Gaeilge mar theanga oifigiúil (bhí an Ghaeilge ar na tríú teanga oifigiúil is fiche). I gcás na Gaeilge bhí jabanna ag baint leis an scéal - os cionn fiche post d'aistritheoirí agus d'ateangairí. Beidh ar na hAlbannaigh a gcion féin a sholáthar, rud a chuirfidh dlús beag le dul chun cinn na teanga.

In Éirinn tharraing lucht cáinte aird ar an gostas - os cionn €3 milliún nuair a chuirtear san áireamh na buncháipéisí a chaithfear a aistriú go Gaeilge agus na gnóthaí riaracháin. Dúradh (agus deirtear fós) gur folamh an gníomh é agus an teanga chomh lag sin in Éirinn féin. Bíodh súil againn leis an gcaint chéanna i gcás na Gàidhlig.



Ar thóir múinteoirí

A minority of Australians are keen to learn Irish, but how does find the teachers?

Gach bliain san Astráil tagann cuid mhaith de Ghaeilgeoirí na tíre le chéile chun aithne a chur arís ar a chéile. Bíonn scoil gheimhridh ar siúl i Sydney, agus bíonn scoil samhraidh ar siúl amuigh faoin tuath i stát Victoria, tamall amach ó Melbourne. Is í an daonscoil gheimhridh an ceann is compordaí, b'fhéidir; bíonn an daonscoil samhraidh ar siúl i Mí Eanáir, mí an-te, rud nach mbaineann de dhíograis na bhfoghlaimoirí. Bíonn múinteoirí ann, idir Astrálaigh agus Éireannaigh, agus is minic cuairteoirí óga ó Éirinn ann - Gaeilgeoirí líofa nó cainteoirí dúchais féin - atá sásta cuidiú leis an obair. Bíonn scléip, sult agus foghlaim ann go dtí go scarann na compánaigh, iad ag tabhairt a n-

aghaidhe ar an ngnáthshaol agus ar na gnáthranganna (mura mbíonn siad ag gabháil don teanga ina gclúid féin).

Mar a dúradh in *An Lúibín* cheana, tá suirbhé á scaipeadh ag Cumann Gaeilge na hAstráile, agus na ceisteanna a leanas le fáil ann: Ar mhúin tú Gaeilge riamh nó ar mhaith leat é a dhéanamh? Conas is féidir linn múinteoirí nua a mhealladh chugainn? Cén saghas daoine ba chóir dúinn a lorg? Ar cheart dár gcuid múinteoirí a bheith cáilithe de réir caighdeán áirithe (agus cé acu caighdeán)? Cad iad na critéir a mbainfeá feidhm astu chun múinteoir a mheas? Cuireann an méid seo in iúl gur scáinte an dream iad na múinteoirí céanna, agus gurb annamh cáilíochtaí foirmiúla acu. Sin mar a bhí an scéal riamh, is dócha; Gaeilgeoirí (bíodh a raibh a bheag nó a mhór den teanga acu) ag iarraidh daoine eile a mhúineadh, más le héifeacht é nó a mhalairt, agus a mhéid féin Gaeilge ag gach duine de na foghlaimoirí. Is mór an t-iontas, agus an scéal mar sin, gur éirigh le scata éigin daoine riar a gcáis den Ghaeilge a tabhairt leo, ach rinne.

I dtír nach bhfuil líon mór Gaeilgeoirí ann agus ar deacair teacht ar dhaoine a thug Gaeilge leo ó Éirinn mar theanga dhúchais (tá siad ann ach chuaigh a bhformhór i bhfolach), is beag an t-ionadh é go bhfuil na múinteoirí gann, go háirithe daoine atá oilte go maith ar an obair. I ndáiríre, má tá rún daingean ag duine an teanga a fhoghlaim déanfaidh sé é ar ais nó ar éigean, más le cúnadh na dteagascóirí é nó dá ainneoin.

Mar a dúramar cheana in eagraín eile, ar éigean a bhain an nGaeilge áit ar bith amach di féin i gcóras oideachais na tíre seo. Tá sí á mhúineadh san ollscoil is sine (Sydney), ach níor tharla sin gan scata daoine a bheith ar a ndícheall leis na blianta fada ag bailiú airgid agus ag éileamh a gcirt – rud nár tharla fós i Melbourne. Níl sí le fáil ar chor ar bith sna scoileanna, cé gurbh fhéidir Gaeilge (nó teanga ar bith) a mhúineadh gan dua do pháistí óga le leath-thumoideachas – an teanga a mhúineadh tríd an teanga féin agus cúpla ábhar eile a mhúineadh tríthi freisin, rud a thugann an-chleachtadh dóibh. Mar sin a mhúintear Fraincis agus Seapáinis i gcúpla bunscoil i Melbourne, agus rath ar leith ar an obair. Ach tá múinteoirí dátheangacha ag teastáil chuige, agus is fada, mar sin, go mbeidh Gaeilgeoirí líofa á bhfáscadh as aon bhunrang anseo. Fágann sin go bhfuil méachan na hoibre ar na ranganna neamhoifigiúla, agus tá teorainn lena n-éifeacht.



Scríbhneoireacht

New writing in Irish.

Beidh suim i leabhar nua le Alex Hijmans, Ollannach a d'fhoghlaim Gaeilge agus a bhfuil aithne air in Iarthar Éireann mar fhear gnó (bhí Café Bananaphoblacht aige i nGaillimh) agus mar iriseoir Gaeilge.

Tá sé ina chónaí le dhá bhliain anuas i Salvador, an tríú cathair is mó sa Bhrasaíl, agus as sin a tháinig an leabhar *Favela*, cuntas Gaeilge ar a shaol i slum ar imeall na cathrach. Áit fhíorbhocht í a bhfuil sliocht na ndaor ina gcónaí ann agus atá beo le baicli drugaí. Is dóigh le Hijmans go bhfuil na daoine sona ar a slí féin d'ainneoin an chruatain, agus cuireann sé an cheist: Cén fáth?

Tá léargas le fáil ar aigne léitheoirí na Gaeilge ó liosta na leabhar is mó díol a thagann amach ón Siopa Leabhar (siopa Chonradh na Gaeilge) gach mí agus atá le léamh ar an iris *Feasta*. Ó thús na bliana i leith bhí an-éileamh ar na leabhair a leanas:

Cérbh í Meg Russell? Máire Mhac an tSaoi, Leabhar Breac. Indreabhán. 2008

Aistí Critice agus Cultúir 3, Breandán Ó Doibhlin, Coiscéim. BÁC, 2009

Na Gaeil i dTír na nGauchos, Mícheál de Barra, Coiscéim. BÁC, 2009

Ní fios an raibh baint ag an gceann deireanach leis na éileamh a tháinig ar an bhFoclóir Gaeilge/Spáinnise (eag. David Barnwell, Pádraig Ó Domhnalláin & Carmen Rodriguez Alonso, Coiscéim, 2009).

Tugann *Cérbh í Meg Russell?* léargas ar nósanna agus ar phearsana nótalta áirithe de chuid an 17ú haois in Éirinn. Prós greanta a scríobhann an file Máire Mhac an tSaoi, agus níl locht ar a cuid léinn.

Bhí glaoch ar fhilíocht: *Filíocht Ghrá na Gaeilge* (eag. Ciarán Mac Murchaidh, Cois Life, BÁC, 2008), *Rogha Dánta 1991-2006* (Colm Breathnach, Coiscéim, BÁC, 2008), agus *Tar éis a Bháis - Aistí ar Sheán Ó Ríordáin* (Mairéad Ní Loingsigh, eag., Cló Iar-Chonnachta). Maidir le ficsean, bhí daoine ag léamh na leabhar seo: *Canary Wharf* (gearrscéalta le hOrna Ní Choileáin, Cois Life, BÁC, 2008), *Mise* (Colm Ó Gaora, An Gúm, BÁC, 2008), *Dialann Sár-Rúnda* (Siobhán Parkinson, Cois Life, BÁC, 2009), *Tromluí* (Áine Ní Ghlinn, Cois Life, BÁC, 2009), agus *An Dé Deiridh* (Joe Steve Ó Neachtain, Cló Iar-Chonnachta, Indreabhán, 2009). Cuirimis leabhar eile leis an méid sin: *Ar an gCoigríoch: Díolaim Litríochta ar Scéal na hImirce* (Aisling Ní Dhonnchadha & Máirín Nic Eoin a roghnaigh, Cló Iar-Chonnachta, 2008).

Díol suime é *Mise*, úrscéal ar Chogadh na gCarad a cuireadh i gcló ar dtús sna daichidí. Leabhair do dhaoine óga iad *Dialann Sár-Rúnda* agus *Tromluí*.

Fágann sin an fuilleach: *Paidreacha na Gaeilge* (eag. Donla Uí Bhraonáin, Cois Life, BÁC, 2008), *Fíníní Mheiriceá & An Ghaeilge* (Fionnuala Uí Fhlannagáin, Coiscéim, BÁC, 2008), *An Damer - Stair Amharclainne* (Mairéad Ní Chinnéide, Gael Linn, BÁC, 2009) agus *Léachtaí Cholmille XXXIX* (eag. Brian Ó Catháin, An Sagart, Má Nuad, 2009).

Tá na foilsitheoirí Coiscéim tar éis leabhar le Mícheál Ó Bréartúin a chur amach: *Charles Vallancey (1725-1812)*. Innealtóir, seandálaí agus scoláire Ghaeilge ba ea mo dhuine, agus dúil aige dteoiricí aisteacha i dtaobh na teanga. Bhain sé amach Éire sa bhliain 1762 mar oifigeach in Arm na Breataine, agus d'fhoghlaim roinnt Gaeilge ón scoláire Muiris Ó Gormáin (?1720-1794). Bhí an-suim aige i seandachtaí na hÉireann, agus bhí sé ar na daoine a bhunaigh Acadamh Ríoga na hÉireann sa bhliain 1784. Is maith an rud a scéal a bheith againn i nGaeilge.

Mar fhocail scoir, féachaimis ar chuid de na leabhair agus na húdair a ghnóthaigh duaiseanna i gcomórtais an Oireachtais i mbliana.

Comórtais Liteartha don Scríbhneoir Fásta:

Comórtas A1: Úrscéal - Fiscean Éadrom, An Chéad Duais €5,000

I gCóngar i gCéin le Pádraig Standún, An Dara Duais *Ar Muir is ar Sliabh* le Dermot Somers, & *Con Trick 'An Bhalla Bháin'* le Colm Breathnach.

Comórtas A2: Fiscean Do Dhaoine Óga (9/10-12):

Úbalonga le Áine Ní Ghlinn, *Cloch na Gréine* le Jacqueline de Brún.

Comórtas A3: Fiscean Do Dhaoine Óga (13-15):

An Chéad Duais - *Tromluí* le Áine Ní Ghlinn; An Dara Duais - *Balor* le Caitríona Hastings.

Comórtas A4: Ábhar Léitheoireachta Don Fhoghlaiméir Fásta:

An Chéad Duais - *Crúba na Cinniúna* le Áine Uí Fhoghlú; An Dara Duais - *Bealtaine* le Brian Ó Baoill.

Comórtas A5: Cnuasach Gearrscéalta:

Daoine a Itheann Daoine le Mícheál Ó Ruairc.

Comórtas A6: Cnuasach Gearrscéalta Do Chainteoirí Dúchais Gaeilge:

An Chéad Duais - *Coileachín Sheáin Bhrídin agus Scéalta eile* le Caitríona Ní Chonaola; An Dara Duais - *Bliain Úr in India agus Scéalta Eile* le Proinsias Mac a' Bhaird.

Comórtas A7: Gearrscéal - Duais An Mhaolánaigh:

An Chéad Duais - *An Peaca* le Jackie Mac Donncha; An Dara Duais - *Aiséirí* le Joe Steve Ó Neachtain.

Comórtas A8: Gearrscéal Do Dhaoine Óga:

An Chéad Duais - *Capall Breoite* le Liam Prút; An Dara Duais - *Púcaí* le Orna Ní Choileáin.

Deirtear gur mór an cúnamh duit duais a bhaint sna comórtais úd más mian leat foilsitheoir a fháil feasta. Más ea, tá daoine ann nár bhac leis na comórtais riamh agus nach bhfuil a saothar le fáil ach ar

na hirísí. Tá daoine eile ann agus tairbhe liteartha á bhaint acu as an Idirlíon (féach, mar shampla, www.geocities.com/Athens/8308/). Is léir go bhfuil an dé á coinneáil sa litríocht, cibé scéal é, cé go bhfuil deireadh le ré órga ár linne – ré an Chadhnaigh, Uí Riordáin agus eile. Tríd is tríd, tá na scrioblálaithe ar sodar, agus agus is beag duine atá sásta scaoileadh leis sna cosa in airde. Sna cathracha atá meáchan na teanga anois: as an gcanúint chríolaithe sin a eascróidh an litríocht atá le teacht, cé nach fios cén craiceann a bheidh uirthi. Go maire an lámh a bhreacann an pár.



Seantubaistí

Scientists at UCD are making remarkable discoveries about the atmospheric and environmental implications of past mass extinctions.

200 milliún bliain ó shin cailleadh 50% de spéicis mhuirí gan chnámh droma agus 95% de spéicis na bplandaí domhanda i dTuaisceart Eorpa. I Meiriceá Thuaidh cailleadh 42% de spéicis na n-ainmhithe domhanda. Bhí sé seo ar na cúig dhíothú mhóra a tharla i stair an domhain, agus meastar go bhféadfadh baint a bheith aige le hastúcháin dé-ocsaíd charbóin ó na bolcáin, rud a théifeadh an domhan go mór. Cuireann eolaithe áirithe an-suim sa saghas atmaisféir a bhí ann ag an am, agus orthu sin tá an Dr Claire Belcher (Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil, UCD). Tá sí ag scrúdú fioghuaíl i gcarraigeacha ó idir-ré na dtréimhsí Triasacha agus Iúrasacha. Shíl sí gur laghdaigh an méid ocsaigine go dtí timpeall 12% (i gcomórtas le 21%, mar atá sé inniu), ach taispeánann an fioghual nach mar sin a bhí an scéal: ní dhófadh plandaí agus a laghad sin ocsaigine san atmaisféar. (Is beag ocsaigine atá ag teastáil chun fioghual a dhéanamh, ach titeann sin amach toisc go n-ídíonn an tine an ocsaigin atá ina bun agus adhmaid á dhó.)

Tá baint ag an taighde seo le taighde eile a rinne an Dr Jennifer McElwain, scoláire a rinne amach gur tháinig méadú ar an méid dé-ocsaíd charbóin agus ar theocht an domhain sa ré úd. Tá an Dr Belcher ag iarraidh a fháil amach cad iad na tréimhsí a raibh easpa ocsaigine orthu; dá bhrí sin tá sí ag iarraidh rudaí a chur trí thine le leibhéil dhifriúla d'ocsaigin. Ní furasta di duilleoga péine agus caonach a chur trí thine, agus is dócha mar sin nárbh fhéidir le tintreach é a dhéanamh fadó mura raibh méid éigin ocsaigine ann – 15% ar a laghad, más fíor don Dr Belcher. Ach chuirfeadh an méid sin féin isteach ar mhórán ainmhithe, go háirithe reptílí agus débheathaigh. Ba bhaol dúinn mar dhaoine laghdú beag féin ar mhéid na hocsaigine.

Tá taighdeoirí eile de chuid UCD ag scrúdú pailín, iontaisí duilleog agus an méid dé-ocsaíd charbóin a bhí ann fadó. Táthar ag baint trialach as seanspéicis phlandaí féachaint conas a d'fhulaingeoidís strus comhshaoil.

Bhí tubaistí eile ann. Ina téis dochtúireachta scag an Dr Belcher an tuairim go raibh tinte fiáine ar fud an domhain de bharr an astaróidigh a mharaigh na dineasáir 65 milliún bliain ó shin. Scrúdaigh sí an fhianaise i Meiriceá Thuaidh, í ag druidim amach ón gcuas a rinne an t-astaróideach i Meicsiceo agus ag baint trialach as carraigeacha ar an mbealach. Rinne sí amach nach raibh an radú teirmeach láidir a dhóthain chun tinte a adhaint. Shíl daoine go raibh an teocht idir 800 agus 1,000°C ag an am, ach thaispeáin taighde Belcher nach raibh sí ach idir 325 agus 545°C (!).

Is díol mór spéise di na rudai ba chúis le héabhlóid agus le díothú, agus is dóigh léi nach leor an aird a thugtar ar thoradh na tine, cé gur scaoileann an tine chéanna dé-ocsaíd charbóin agus tocsainí agus lomann an tír. Is mian leis an Dr Belcher taighde a dhéanamh ar chúrsaíl bhithgheoiceimiceach le go bhféadfadh samhlaigh atmaisféaracha ocsaigine agus dé-ocsaíd charbóin a dhéanamh.

Féach www.ucd.ie.



Tús an deiridh

Afghanistan is proving costly in every sense. The unthinkable is being said: the war is already lost.

Sa bhliain 1842 scríobh an náisiúnaí Éireannach Thomas Davis roinnt alt ar an Afganastáin don nuachtán an *Citizen*, ailt a raibh tréas iontu. Bhí saighdiúirí na Breataine ag troid ann ag an am d'fhonn teorainn na hIndia a dhaingniú agus a chosaint (agus, ar ndóigh, le heagla roimh thionchar na Rúise). D'fhiafraigh sé cérbh iad na hAfganastánaigh agus cén fáth ar chóir do na hÉireannaigh taobhú leo, agus rinne amach go raibh na hAfganastánaigh ag iarraidh ionraitheoirí a dhíbirt agus gur spreagúil an sampla iad. Bhí Éire féin faoi chuing agus ba chóir d'Éireannaigh gan cuidiú le smachtú na nAfganastánach, nó ní bheadh rath i ndán do na náisiúin.¹

Tháinig cor nó dhó sa scéal ó shin. Anois tá fórsaí an Iarthair ag iarraidh an Afganastáin a chosaint uirthi féin; is gá an Talaban a chloí, rialtas gan éifeacht a neartú agus pobal na tíre a mhisiú. Al-Qaída a ba thúisce tharraing na fórsaí sin ar an áit, ach ach deirtear go bhfuair Al-Qaída dídean in áiteanna eile ó shin. Leanann an comhrac, mar sin féin; tá idir dhóchas agus éadóchas ann, agus is minic daoine á rá anois go bhfuil an cogadh cailte. Ní deacair an fhianaise a fháil. Admhaíonn cách gur réiteach polaitiúil atá ag teastáil i ndeireadh na dála, ach sin an áit ar mó atá an cliseadh: tá pobal na hAfganastáine (dream a bhfuil an-éagsúlacht ag roinnt leo) bréan de rialtas lag atá ag brath ar bhithiúnaigh, ar chaimiléirí agus ar eachtrannaigh a dhéanann botúin mharfacha. Aithnítear anois gur dream dúchasach daingnithe iad an Talaban, ach chuirfí an lasóg sa bharrach dá dtabharfaidís iarracht ar an bpríomhchathair Cabul a ghabháil - iarracht a thabharfar luath no mall.

Tá a fhios ag rialtais an Iarthair (iad siúd a chuir saighdiúirí chun na hAfganastáine) go bhfuil a bpobal féin ag éirí bréan den scéal: cogadh mírathúil i bhfad ó bhaile, a gcuid saighdiúirí á marú ann nó - rud is measa, b'fhéidir - á ngortú go dona. Anseo san Astráil ceiltar ainmneacha na saighdiúirí gortaithe, rud a fhágann pobal na tíre dall ar cé chomh géar is atá an troid. (Is beag fáilte a chuireann an t-arm roimh iriseoirí ach oiread.) Mar sin féin, éilíonn na ginearáil breis fórsaí, fiú agus a fhios acu gurb iad na polaiteoirí a chaithfidh an scéal a leigheas. Ní beag é an costas: caitheann an Astráil os cionn \$30 milliún in aghaidh na bliana.

Tá an tIarthar á fháil amach arís nach bhfuil sé i ndán dó dul i gcinsealacht sa tír cheandána dheacair ilchineálach úd, más le dea-mhéin féin é. An Talaban atá dulta i gcinsealacht; deirtear go bhfuil siad lonnaithe go daingean i 70% den tír ar a laghad. Ní mór an cion atá ag formhór an phobail orthu, ach tugann siad leo rudaí nach bhfuil le fáil ón rialtas - síocháin, slándáil agus riarthóireacht rianúil. Tá ainm na cothroime ar a gcúirteanna áitiúla, agus tá fear déanta cirte (*ombudsman*) dá gcuid le fáil i gCandahar. Is mairg anois don cheannasaí Talabanach atá ciontach as mursantacht - tugtar bata agus bóthar dó mura mbásaítear é. Tuigeann an Talaban anois go dtarraingíonn ansmacht gráin. Tá leabhrán trí leathanach déag curtha amach acu a deir go gcaithfear roinnt go maith le bunadh na háite agus nach ceart daoine a bhású gan triail - comhairle ba chóir a thabhairt agus a chur i bhfeidhm tamall maith ó shin, más fearr mall ná riamh. Ní bhacann sin orthu corriosaí uafásach a dhéanamh, mar a tharla le déanaí lasmuigh d'Ambasáid na hIndia i gCabul agus slua sibhialtach (a lán ban ina measc) marbh dá bharr.

Níor chaill an chuid is crua den Talaban a seantréithe: tuiscint chúnag ar an gCóran, dearcadh diúltach i leith na mban, agus an bhaint atá ag a bhformhór leis an treibh is forleithne - Paistiúnaigh an deiscirt (agus mímhúinín acu dá réir as dreamanna eile).² Ach ní mór a chuimhneamh go dtugtar 'Talaban' ar dhreamanna difriúla - díograiseoirí ón bPacastáin, mílisteoirí áitiúla, tiarnaí cogaidh, agus daoine nach bhfuil de rogha acu ach dul leis an lámh is láidre. Ní furasta i gcónaí dílseacht daoine a mheas. Deirtear gur éirigh le ceannaire treibhe amháin ar a laghad a naimhde a scrios trí

¹ Táim faoi chomaoín ag an Dr Val Ó Nuadháin, a tharraing m'aird ar an ábhar seo agus ar leabhar le John Moloney, *A Soul Came into Ireland: Thomas Davis 1814-45*.

² Níor cheart a rá, ar ndóigh, gur d'aon chineál amháin iad na Paistiúnaigh (*Pashtun*) féin. Pobal forleathan iad atá le fáil san Afganastáin agus sa Phacastáin, oideachas maith ar chuid acu (idir mhná agus fhir) agus cuid eile neamhléannta, cé gur gnách leo béaloideas saibhir a bheith acu.

shaighdiúirí Astrálacha a shaighdeadh iontu le faisnéis bhréige. Ar an taobh eile, tá na hAstrálaigh agus saighdiúirí eile go maith chun tionscadail bhonneagair a thosú agus a chothú: ach cén t-iarsma a fhágfaidh siad ina ndiaidh?

Ciallaíonn seo go bhfuil an seansaol ag teacht ar ais ar a sheanléim, de réir mar a shamhlódh an Talaban. Tá corrdhifriocht ann – féach an brabach a bhaineann saighdiúirí Dé as saothrú na bpoipíní (saothrú a cháin an Talaban go géar ar dtús, ach ní féidir leo teacht gan airgead). Má theipeann glan ar an rialtas an tír a rialú le héifeacht, is beag an tairbhe d'fhórsaí NATO agus SAM (a bhfuil tuairim is 100,000 duine acu ann) a ndícheall a dhéanamh. Luath nó mall, tabharfaidh siad cúl leis an tír agus an obair gan chríochnú. Tá arm na hAfganastáine ag cruthú go maith, más fíor, ach ní thig leo gaisce polaitiúil a dhéanamh. Beidh ladair eile á gcur sa mhias fós. Is fada an India agus an Phacastáin ag dul in iomaíocht ann, ach sin gnó na seirbhísí rúnda; ar éigean a chuirfidís saighdiúirí thar teorainn isteach.

Idir an dá linn tá na gnáthdhaoine ag éalú ó lámh láidir an dá thaobh; tógann cuid acu botháin ainmise lasmuigh de Chabul, áit a ndéanann an rialtas faillí iontu, baineann cuid eile amach an Phacastáin, tagann cuid eile fós chomh fada leis an Astráil agus iad ag tnúth le dídean.

Is gearr ó dúirt feidhmeannach Briotanach go bhféadfaimis cur suas leis na drugaí nó leis na tiarnaí cogaidh, ach gur scéal eile ar fad iad an Talaban. A mhalairt de phort a chloistear anois, agus is beag trácht a dhéantar ar Al-Qaída a chloí. Is fearr rith maith ná drochsheasamh. Ach má thagtar ar chomhréiteach san Afganastáin is treise fós a bheidh an Talaban sa Phacastáin, agus ansin íocfaidh an tír úd i gceart as an gcabhair a thug cuid de na seirbhísí rúnda do laochra Dé.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó chun coling.ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to coling.ryan@ato.gov.au.